M.101T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006**

## STAIR - ARDLEIBHÉAL

**RÉIMSE STAIDÉIR: AN LUATHAOIS, 1492 - 1815**

**Scrúdú scríofa: 400 marc**
**Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

**DÉ CÉADAOIN, 14 MEITHEAMH - IARNÓIN, 2.00 - 4.50**

***Treoracha d'iarrthóirí:***

Freagair Roinn 1, 2 agus 3 istigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 2)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**

Éire: Na topaicí 1, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as topaic amháin.

- **Roinn 3 (200 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as gach ceann den dá thopaic a roghnaíonn tú.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*Éire: Topaic 2*

**Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558 – 1603**

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
***Baile Átha Cliath faoi Eilís.***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) I ndoiciméad A, luaigh trí rud a deirtear faoi thréithe mhuintir Bhaile Átha Cliath.
   (b) Cén fhianaise a thugann doiciméad A maidir le saibhreas Bhaile Átha Cliath?
   (c) Dar le doiciméad B, cé a chaithfidh íoc as "na seanlonga agus na báid" a thógáil as an áit ina bhfuil siad?

(20)

2. (a) Cad a insíonn doiciméad A agus B le chéile dúinn maidir leis an saghas duine é Méara chathair Bhaile Átha Cliath?
   (b) Cé acu doiciméad, A nó B, is mó a dhéanann iarracht a chur ina luí orainn gur álainn an áit í Baile Átha Cliath agus gur dream iontach iad na daoine? Mínigh do fhreagra agus tú ag tagairt don dá dhoiciméad.

(20)

3. (a) Ainmnigh dhá phointe thábhachtacha a bhaineann le saol na ndaoine i mBaile Átha Cliath i réimeas Eilíse nach bhfuil aon fhianaise mar gheall orthu i ndoiciméad A nó B.
   (b) An mbréagnaíonn na doiciméid A agus B a chéile? Mínigh do fhreagra agus tú ag tagairt don dá dhoiciméad.

(20)

4. Ba é Baile Átha Cliath lárionad réimeas Eilíse in Éirinn. Conas a bhí tionchar aige sin ar shaol na cathrach?

(40)

## – Doiciméad A –

**Richard Stanihurst, fear as Baile Átha Cliath, ag cur síos ar a chathair dhúchais (1577)**

Tá an chathair seo níos fearr ná aon chathair nó baile mór eile in Éirinn maidir le háilleacht na bhfoirgneamh, le méid an daonra agus maidir le géillsineacht, dílseacht, dea-bhéasaíocht agus séimhe na ndaoine atá inti.

Is aoibhinn é suíomh na cathrach ar gach aon taobh. Dá dteastódh uait dul trasna na gcnoc, níl siad i bhfad uait. Más maith leat fíoruisce, tá abhainn cháiliúil na Life taobh leat. Más mian leat féachaint ar an bhfarraige, tá sé os do chomhair amach.

Fear an-fhlaithiúil is ea Méara na cathrach. Bíonn doras a thí ar oscailt don phobal go léir i rith na bliana a chaitheann sé in oifig. Na Méaraí is lú a chaitheann airgead, íocann siad £500 chun na daoine a thagann a chothú, suim airgid nach beag é ó tharla ábhair bhia a bheith chomh saor agus go dtugann a gcairde an oiread sin bronntanas chucu.

Tá muintir na cathrach go maith as, rud is léir ó na margaí a bhíonn i mBaile Átha Cliath ar an gCéadaoin agus ar an Aoine. Tá raidhse feola sa seamlas (áit a maraítear na beithígh) agus tá a lán arbhair sa mhargadh.

(Sliocht leasaithe as téacs le C.Maxwell, *Irish History from Contemporary Sources*)

## – Doiciméad B –

**An bhliain ina dhiaidh sin (Lúnasa 1578), d'eisigh ceannairí na cathrach na horduithe seo:**

Na seanlonga agus na báid atá caite ag Cé an Adhmaid, tógfar as an áit iad agus is iad na húinéirí a bheidh freagrach as é sin a dhéanamh, agus an salachar atá tar éis bailiú le chéile ann, caifear in airde ar an gCé é.

Agus ina theannta sin, tabharfaidh an Méara ordú go gcaithfidh fear amháin as gach teach i Sráid An Fhíona agus i gCé an Adhmaid cabhair a thabhairt chun an salachar a ghlanadh suas.

(Sliocht leasaithe as téacs le J. Barden agus S. Conlin, *Dublin: One Thousand Years of Wood Quay*)

## ROINN 2: ÉIRE

**Freagair ceist amháin as ceann de na topaicí thíos.**

*Éire: Topaic 1*

### Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494–1558

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh tábhachtach is a bhí an tréimhse a chaith Sir Edward Poynings mar Ionadaí an Rí? (100)
2. Cén stádas a bhí ag na mná maidir le pósadh agus cearta de réir dhlíthe na nGael? (100)
3. Cé chomh mór is a tharla athruithe i gcúrsaí creidimh in Éirinn i rith réimeas Éadbhard VI agus Mháire I? (100)
4. Cén pháirt a ghlac na haicmí gairmiúla léannta sa saol in Éirinn na nGael? (100)

*Éire: Topaic 3*

### An ríocht in aghaidh na coilíneachta – an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603 –1660

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh maith is a d'éirigh le Plandáil Uladh i rith réimeas Shéamas I? (100)
2. Cén chaoi ar éirigh le Sir Thomas Wentworth olc a chur ar gach aicme i sochaí na hÉireann? (100)
3. Cad iad na torthaí sóisialta agus eacnamaíochta a bhí ar Shocrú Chromail? (100)
4. Cén chaoi ar chuir coláistí na nGael thar lear le cultúr agus le creideamh na hÉireann? (100)

*Éire: Topaic 4*

### Cinsealacht choilíneachta a bhunú, 1660 – 1715

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén chaoi a raibh leasríogacht Thír Chonaill difriúil ó leasríogachtaí Urmhumhan? (100)
2. Na cuinsí maithe a fuair Caitlicigh na hÉireann i gConradh Luimnigh (1691), conas a milleadh iad i ndiaidh a chéile leis na péindlíthe a ritheadh sna 1690idí agus go luath sna 1700idí? (100)
3. Cad iad na príomhchéimeanna chun tosaigh agus na príomhchéimeanna chun deiridh a tharla i ngeilleagar na hÉireann, 1660–1715? (100)
4. Sa tréimhse 1660-1715, cén tionchar ar Éirinn a bhí ag ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: na filí Seacaibíteacha; paimfléadaíocht pholaitiúil; teacht chun cinn na heolaíochta? (100)

*Éire: Topaic 5*

**An Choilíneacht in agaidh na ríochta – teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715- 1770**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén chaoi ar chuir muintir Ponsonby leis an "Náisiún Protastúnach" san ochtú haois déag? (100)
2. Cén pháirt a ghlac an Déan Swift i gcúrsaí na hÉireann? (100)
3. Cén fáth ar tharla níos mó corraíola talún i gcuid mhór d'Éirinn i rith na tréimhse 1715- 1770? (100)
4. Cén chaoi ar tháinig feabhas ar staid na gCaitliceach in Éirinn i rith na tréimhse 1715- 1770? (100)

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770- 1815**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén pháirt a ghlac Henry Grattan i gcúrsaí na hÉireann? (100)
2. Cad ba chúis le hÉirí Amach Loch Garman, 1798, agus cad iad na torthaí a bhí air? (100)
3. Cad iad na príomhthréithe a bhain le sochaí na tuaithe in Éirinn i rith na tréimhse, 1770- 1815? (100)
4. Cad iad na héachtaí a bhain le cultúr na Seoirseach i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: ailtireacht; ealaín; litríocht agus léann? (100)

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR
**Freagair ceist amháin as gach ceann den dá thopaic a roghnaíonn tú thíos.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
### An Eoraip ón Renaissance go dtí an Reifirméisean, 1492-1567

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén chaoi a raibh tionchar ag fionnachtain an Domhain Nua ar an Eoraip? (100)
2. Cén chaoi ar chuidigh an chlódóireacht leis an Renaissance agus leis an Reifirméisean? (100)
3. Cén bhaint a bhí ag Niccolò Machiavelli agus/nó ag Pieter Breughel Seanóir leis an Renaissance? (100)
4. Cén tslí inar chuidigh Martin Luther le bunús agus le leathadh an Reifirméisin sa Ghearmáin? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*
### Creideamh agus cumhacht: an pholaitíocht i ndeireadh an séú haois déag, 1567- 1609

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén tionchar a bhí ag Éirí Amach na hÍsiltíre ar an Spáinn agus ar an Ísiltír féin? (100)
2. Cén tionchar a bhí ag Cogaí Creidimh na Fraince ar an bhFrainc féin? (100)
3. Cén chaoi ar chuidigh Comhairle Thrento agus obair na nÍosánach leis an athnuachan Chaitliceach? (100)
4. Cad iad na cúiseanna a bhí le “méadú mór ar phraghsanna sa séú haois déag” agus cad iad na torthaí a bhí ar an méadú sin? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
### Éiclips na Sean-Eorpa, 1609 – 1660

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na céimeanna a thug an Cairdinéal Richelieu chun ollchumhacht na corónach a chur chun cinn? (100)
2. Cad iad na dúshláin idirnáisiúnta a bhí ann don Spáinn i rith na tréimhse, 1609-1660, agus conas a thug an Spáinn aghaidh ar na dúshláin sin? (100)
3. Cén chaoi ar bhunaigh na hOllannaigh impireacht san Áis agus cén chaoi a raibh tionchar ag an impireacht sin ar Chúigí Aontaithe na hOllainne? (100)
4. I rith na tréimhse 1609-1660, cad iad na forbairtí suntasacha a tharla i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: ceol; ealaín; eolaíocht? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
## An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na forbairtí a chuidigh le monarcacht absalóideach Louis XIV? (100)
2. Cad iad na dálaí ar tháinig díobh athghairm mhonarcacht na Stíobhard sa Bhreatain agus cad ba chúis le turnamh na monarcachta laistigh de tríocha bliain? (100)
3. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag Peadar Mór na Rúise agus cad iad na héachtaí a bhain leis? (100)
4. I rith na tréimhse, 1660-1715, cé chomh tábhachtach is a bhí ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: tráchtálú na talmhaíochta; fairsingiú cathracha; Comhlacht (Sasanach) na nIndiacha Thoir? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*
## Impireachtaí á mbunú, 1715- 1775

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth ar éirigh coilínigh Mheiriceá amach in aghaidh riail na Breataine agus conas a bhí Bostún chun tosaigh san éirí amach sin? (100)
2. Cén pháirt a ghlac Frederick Liam I agus/nó Frederick II i dteacht i dtreis na Prúise? (100)
3. I rith na tréimhse 1715-1775, cad iad na forbairtí suntasacha a tharla i dtrádáil idirnáisiúnta nithe ar nós tobac, siúcra agus sclábhaithe? (100)
4. Cad iad na hidéanna polaitiúla, sóisialta agus eacnamaíocha a bhain le Ré na hEagnaíochta? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
## Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na hathruithe ba mhó a tharla sa Fhrainc idir briseadh amach na Réabhlóide i 1789, agus cur chun báis Louis XVI i 1793? (100)
2. Conas a thugann tú míniú ar bhuanna Napoleon i dtús ama agus ar a thurnamh ar deireadh thiar? (100)
3. Cad iad na forbairtí ba mhó a tharla sa chaidreamh idir an Eaglais agus an Stát sa Fhrainc i rith na tréimhse 1789-1815? (100)
4. Cén bhaint a bhí ag an réabhlóid talmhaíochta nó ag an réabhlóid tionsclaíochta leis an athrú a tháinig ar an ngeilleagar i rith na tréimhse, 1775-1815? (100)

**Leathanach Bán**